FÓGRA POIBLÍ

RANNPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL CHUN 'UISCÍ SNÁMHA' A AITHINT DE BHUN AN TREOIR UM UISCÍ SNÁMHA 2006/7 CE DEN 15 FEABHRA 2006 AGUS NA RIALACHÁIN MAIDIR LE CÁILÍOCHT UISCE SNÁMHA IR 79 DE 2008

Tá gach ceann de na 31 comhairle cathrach agus contae ag tabhairt cuireadh don phobal páirt a ghlacadh in aithint Uiscí Snámha faoin Treoir um Uiscí Snámha agus na Rialacháin maidir le Cáilíocht Uisce Snámha 2008 (IR Uimh 79 de 2008).

Éilítear faoin Treoir go mbainfidh cáilíocht an uisce amach caighdeáin dhiana mhicribhitheolaíochta ag gach uisce snámha aitheanta d'fhonn sláinte na ndaoine a roghnaíonn snámh iontu a chosaint. Éilítear ar chomhairlí cathrach agus contae uiscí snámha a aithint ar bhonn bliantúil faoi Rialacháin 2008.

Tugann an próiseas comhairliúcháin deis don phobal:

- Tuairim a thabhairt maidir leis na huiscí snámha atá aitheanta faoi láthair féachaint le leanúint leis an rangú
- Tuairim a thabhairt maidir le huiscí snámha eile nach bhfuil aitheanta faoi láthair a bhféadfaí breithniú a dhéanamh orthu le haghaidh rangaithe.

Tugtar cuireadh do pháirtithe leasmhara a dtuairimí a thabhairt.

Ba cheart é seo a dhéanamh trí do chomhairle cathrach nó contae áitiúil a bhfuil na huiscí snámha suite ina limistéar. Is féidir teacht ar eolas teagmhála do gach ceann de na 31 comhairle cathrach agus contae ar an láithreán gréasáin seo a leanas: http://www.lgma.ie/en/irish-local-government

Déan teagmháil le do chomhairle cathrach nó contae áitiúil chun eolas a fháil faoi na critéir atá le húsáid. Is é an 26/9/2025 an sprioc chun aighneachtaí a chur faoi bhráid do Chomhairle Cathrach nó Comhairle Contae.